Ag Foghlaim Béarla

Ag Foghlaim Béarla

Seo anois seanscéal a chuala mé i dTír Chonaill. Bhí triúr fear ann aon uair amháin, agus iad ar an bhealach go dtí baile mór a raibh aonach ann. Ní raibh Béarla ar bith acu agus bhí siad buartha nach dtuigfeadh duine ar bith iad.

"A fheara," arsa fear amháin leis an bheirt eile, "beidh neart Béarla ar an aonach seo inniu. Éistigí go cúramach agus beidh Béarla againn ag dul abhaile dúinn."

Nuair a bhain siad an t-aonach amach chuaigh gach aon fhear acu a bhealach féin. Chuala an chéad fhear daoine ag rá: "*us three*". Shíl sé gur Béarla ar dóigh a bhí ann. Thosaigh sé ag rá "*us three, us three, us three*," go dtí go raibh sé de ghlanmheabhair aige. Chuala an dara fear "*for fifty pounds*". Béarla galánta a bhí ann, dar leis. Chuir sé "*for fifty pounds*" de ghlanmheabhair. Chuala an tríú duine "*We well deserve it.*" Agus rinne sé amhlaidh.

Ag deireadh an lae casadh na cairde ar a chéile agus shiúil siad abhaile. Bhí siad breá sásta leo féin agus bhí achan fhear acu ag inse don fhear eile chomh maith agus a bhí an Béarla aige. Nuair a bhí siad trí mhíle taobh amuigh den bhaile mhór chonaic siad corp ina luí i lár an bhealaigh mhóir. Agus iad ag amharc ar an chorp tháinig garda an bealach. *"Who killed this man?"* arsa an garda.
"*Us three*," arsa an chéad fhear.
"*What for?*" arsa an garda.
"*For fifty pounds.*" arsa an dara fear.
"*You'll be hanged for this*," arsa an garda.
"*We well deserve it*," arsa an tríú duine.
Thug an garda an triúr ar ais leis go dtí an baile mór. Níor chuala mé ó shin ar crochadh iad nó nár crochadh.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning